C/2026/2635

11.5.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12398 — LONE STAR FUNDS / DOMO CHEMICALS ENGINEERING PLASTICS DIVISION)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2635)

1. An 28 Aibreán 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Lone Star Funds ('Lone Star', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú an Uasail John Grayken (Éire),

— Domo Chemicals' Engineering Plastics Division (an Bheilg), faoi rialú Domo Chemicals Holdings NV (an Bheilg).

Gheobhaidh Lone Star rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Domo Chemicals' Engineering Plastics Division ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é Lone Star a bhfuil oifigí aici i Meiriceá Thuaidh, Iarthar na hEorpa agus an Áise agus a chuireann comhairle ar chistí a infheistíonn ar fud an domhain i réadmhaoin, cothromas corparáideach, creidmheas agus sócmhainní airgeadais eile. Tá Lone Star i mbun an phróisis RadiciGroup ('Radici', an Iodáil), monaróir ceimiceán speisialtachta agus polaiméirí ardfheidhmíochta, a fháil,

— Tá Domo Chemicals' Engineering Plastics Division gníomhach go príomha i monarú plaisteach innealtóireachta PA 6 agus PA 6.6 (gráinníní/millíní polaimíde) a úsáidtear i raon leathan feidhmeanna tionsclaíocha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12398 — LONE STAR FUNDS / DOMO CHEMICALS ENGINEERING PLASTICS DIVISION

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË